

# LEABHAIRCOMHAR

46 SRÁID CHILL DARA, BAILE ÁTHA CLIATH 2

Guthán: +353 - 1 - 6751922. Ríomhphost: leabhaircomhar@gmail.com. Idirlín: www.leabhaircomhar.com

---

## *An Guth Baineann*

le hÁine Ní Ghlinn

Preas-ráiteas: Nollaig 2013

Is cúis mhór mórtais í do COMHAR go bhfuil an cnuasach nua filíochta, *An Guth Baineann*, le hÁine Ní Ghlinn, á fhoilsiú ag *LeabhairCOMHAR* sa tsraith TÉAD NA FILÍOCHTA

### *An Guth Baineann*

Is bailiúchán téamúil é seo ón bhfile aitheanta Áine Ní Ghlinn. Tugtar le chéile dánta dá cuid ar théamaí baineanna mar aon le haiste anailíse ón Dr Liam Mac Amhlaigh agus grianghraif ó Mhícheál Mac Gloinn.

*“An tSeanbhean nach bhfuil in ann a guth féin a úsáid nó a aimsiú a thuilleadh, an bhean ar tachtadh a guth agus í ina páiste, an bhean – ar chúis amháin nó ar chúis eile – a bhfuil a guth caillte aici. Is minic iarracht déanta agam guthanna a shamhlú do na mná seo ar fad. Is minic iarracht déanta agam guthanna a bhronnadh orthu. Samhlaím anois, na guthanna seo ar fad ag teacht le chéile in aon ghuth amháin . . . An Guth Baineann.” Áine Ní Ghlinn*

### *An t-Údar*

Léachtóir, iriseoir agus scríbhneoir í Áine Ní Ghlinn a bhfuil iliomaid gradaim buaite aici dá saothar. Tá dhá leabhar is fiche scríofa aici go dtí seo - ceithre chnuasach filíochta agus ocht leabhar déag do dhéagóirí agus do léitheoirí óga. In 2012 bhuaigh sí duais Oireachtais le haghaidh dráma do pháistí, tá scrípteanna scríofa aici do Ros na Rún TG4, agus tá sí ag obair ar úrscéal do dhaoine fásta freisin. Roinneann sí a cuid ama faoi láthair idir scríbhneoireacht, léachtóireacht i gColáiste Oideachais Eaglais na hÉireann i mBaile Átha Cliath agus ceardlanna scríbhneoireachta i ngaelscoileanna. Is é seo a céad leabhar le *LeabhairCOMHAR*.

### *Sonraí*

Beidh *An Guth Baineann* á sheoladh ag Íte Ní Chionnaith mar chuid de mhórsheoladh bliantúil **COMHAR & LeabhairCOMHAR**, Dé Luain, 16 Nollag, 2013 AG 6:00in sa Leabharlann Náisiúnta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Sa bhreis ar sin an oíche céanna, seolfaidh Alan Dukes iris mhí na Nollag de COMHAR.

Cnuasaigh filíochta de chuid na bhfilí Gaeilge nua-aimseartha is aitheanta atá le fáil sa tsraith leabhar TÉAD NA FILÍOCHTA. I measc na bhfilí éagsúla, a bhfuil duaiseanna litríochta agus cáil idirnáisiúnta

bainte amach acu, tá Gabriel Rosenstock, Liam Prút, Seán Ó Cearbhaill agus Gréagóir Ó Dúill. In éineacht leis an bhfilíocht, coimisiúnaítear ealaín agus líníochtaí ó ealaíontóir de rogha an fhile le cur le seachadadh na ndánta. Foilsíodh *Oilithreacht* le Ciarán Ó Coigligh anuraidh; le líníochtaí le hEoin Mac Lochlainn agus réamhrá leis an Ollamh Gearóid Denvir.

Is é *An Guth Baineann* an chéad chnuasach le banfhile atá foilsithe ag *LeabhairCOMHAR*, agus cuireann sé go mór leis an tsraith trí léargas a thabhairt ar dhearcadh na mban mar a léirítear san fhilíocht é.

Leabhair nua eile ó *LeabhairCOMHAR* i mbliana:

- *Laethanta Gréine & Oícheanta Sí: Aistí ar Litríocht agus ar Chultúr na nÓg* in eagar ag Ríona Nic Congáil & Caoimhe Nic Lochlainn sa tsraith DORAS FEASA;
- *Nílím ag iarraidh dul ar scoil*, scríofa ag Áine Ní Ghlinn agus maisithe ag Carol Betera sa tsraith AN SAOL ÓG
- *An Guth Baineann* le hÁine Ní Ghlinn sa tsraith TÉAD NA FILÍOCHTA; agus
- *Eoghan Ó hAnluain; Creidim fós agus aistí eile* curtha in eagar ag Eilís Ní hAnluain sa tsraith SAOL & SAOTHAR.

Tá *An Guth Baineann* (ISBN: 978-0-9571593-7-2) agus na leabhair seo ar fad ar fáil láithreach ó ÁIS, nó sa siopa ar an suíomh atá ag *LeabhairCOMHAR* - [www.leabhaircomhar.com](http://www.leabhaircomhar.com) nó trí theagmháil a dhéanamh linn san oifig. Praghas €12.

### Cúlra

Athbhunaíodh an comhlacht foilsitheoireachta a bhain le **COMHAR**, inphrionta *LeabhairCOMHAR*, sa bhliain 2010 chun nualitríocht na Gaeilge a fhorbairt. Tá sí mar aidhm ag an gcomhlacht ó thús, scríbhneoirí úra a earcú agus a chothú ar bhonn leanúnach agus tá sraitheanna nua leabhar á bhforbairt aige faoi láthair. Tá **COMHAR** & *LeabhairCOMHAR* buíoch de Fhoras na Gaeilge, de Chlár na Leabhar Gaeilge, agus den Chomhairle Ealaíon as a dtacaíocht leanúnach.



**Tuilleadh eolais:** Elly Shaw, **COMHAR** Teo: (01) 6751922, [leabhaircomhar@gmail.com](mailto:leabhaircomhar@gmail.com)